



<p><b>Preasráiteas</b> Press Release</p> <p>24.06.2024</p>	<p><b>Tuilleadh eolais:</b></p> <p><a href="mailto:gaeilgeiorrais@gmail.com">gaeilgeiorrais@gmail.com</a> <b>097-29023</b></p>	<p>*Leagan Béarla ar lch. 3</p> <p>English summary on pg 3.</p>
--	--	---

## ***Scaip an Scéal i nGaeltacht Iorrais: Dhá Scéal Nuachumtha i gcló ag páistí na scoileanna Gaeltachta***

Déanann Gaeilge Iorrais comhghairdeas ó chroí leis an 83 dalta as na 7 mbunscoil Ghaeltachta in Iorras a ghlac páirt sa chomhthogra álainn dar teideal 'Scaip an Scéal.' Is togra scéalaíochta do bhunscoileanna é 'Scaip an Scéal' faoi stiúir *Fighting Words*. Bíonn deis ag na daltaí scéal a chumadh as an nua, ag tarraingt ar oidhreacht agus timpeallacht shainiúil a gceantar dúchais féin. Cruthaíonn páistí as scoil amháin an chéad chaibidil de scéal nua. Cuirtear an scéal ar aghaidh ó scoil go scoil ansin, le daltaí nua ag cur píosa úr leis an scéal gach uair. Scríobh daltaí as na scoileanna Gaeltachta seo a leanas - bunscoil Dhumha Thuama, scoil Bhreandáin, Eachléim, bunscoil Chorrchloch, bunscoil Pholl an tSómais, bunscoil Ghleann na Muaidhe, bunscoil Ros Dumhach agus bunscoil Cheathrú Thaidhg - dhá scéal nuachumtha ('Turas thar Iorras' agus 'Barry an tÉan is Fearr ar Domhan') mar chuid den togra seo. Maith iad go léir.

Thug 'Scaip an Scéal' deis agus spreagadh den scoth do dhaltaí na Gaeltachta seo tabhairt faoin scríbhneoireacht chruthaitheach i gcomhlúadar a chéile ar bhealach taitneamhach agus a gcuid scileanna scéalaíochta, cumarsáide, scríbhneoireachta agus comhoibrithe a chleachtadh agus a fhorbairt ag an am céanna. Mhúscail 'Scaip an Scéal' fiosracht agus samhlaíocht na ndaltaí. Tugadh ugach dóibh machnamh as an nua a dhéanamh ar a gceantar dúchais féin. Léiriú é an togra seo ar chomhoibriú idir Gaeilge Iorrais, *Fighting Words* agus na scoileanna Gaeltachta sa cheantar seo. Seo mar a dúirt Laoise Ní Dhúda (Gaeilge Iorrais) faoin togra;

Tá an-tábhacht ag baint le tograí cosúil le 'Scaip an Scéal' chun óige na Gaeltachta a spreagadh i mbun na scríbhneoireachta cruthaithí trí mheán na Gaeilge, chomh maith le suim a chothú sa scéalaíocht, sa cheantar áitiúil agus sa léitheoireacht araon ach ar bhealach spraiúil. Faigheann muid léargas iontach ar shamhlaíocht, ar shaibhreas, ar bhuanna, ar chruthaitheacht, ar fhéin-léiriú agus ar fhiosracht na ndaltaí ó thús go deireadh na scéalta. Ba mhór ag Gaeilge Iorrais a bheith páirteach sa chomhthogra speisialta seo. Comhghairdeas ó chroí arís leis na daltaí go léir as scéalta suimiúla lán le

· Gaeilge Iorrais · f/ch Comharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo @GaeilgeIorrais  
Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

heachtraíocht, greann agus spraoi a chumadh atá lonnaithe i nGaeltacht Iorrais. Tá moladh mór millteach ag dul do na daltaí go léir maraon lena gcuid múinteoirí, príomhoidí agus chuile dhuine a chuidigh leis an tionscnamh tairbheach seo a réachtáil sa Ghaeltacht seo.

Chuir Bríd-Treasa Wyndham (comhordaitheoir na gclár Gaeilge le Fighting Words) leis an méid sin;

Tá an-ríméad ar *Fighting Words* na Gaeltachta go raibh deis againn a bheith ag obair le scríbhneoirí óga Ghaeltacht Iorrais. Thug siad faoin togra 'Scaip an Scéal' le fuinneamh agus tá a thoradh sin le feiceáil sna scéalta bríomhara a chruthaigh siad. Is léir go bhfuil bua na scéalaíochta ag na hógánaigh seo agus go deimhin, is muid a bhí ag foghlaim uatha siúd. Ár mbuíochas ó chroí le Laoise agus le hÉimear ó Ghaeilge Iorrais a rinne obair den scoth chun an togra seo a eagrú agus a thabhairt chun críche.

Ba mhaith linn buíochas faoi leith a ghabháil leis na daoine seo a leanas a chuidigh le 'Scaip an Scéal' a chur i gcrích i nGaeltacht Iorrais;

- Bríd-Treasa Wyndham (Fighting Words na Gaeltachta) as a cuid tacaíochta leis an togra seo a stiúradh agus as ceardlanna bríomhara a éascú i measc na ndaltaí;
- Na healaíontóirí Shaun Mc Fadden agus Aisling Ní Éilí;
- Príomhoidí agus múinteoirí na scoileanna Gaeltachta in Iorras;
- Éimear Ní Ghallachóir (Gaeilge Iorrais) a réitigh an leagan leictreonach de na scéalta agus a chuidigh go mór le snas a chur ar an leabhar.

Sheol Katherine Mangan (comhúdar 'An Bhumbóg Mhór Bhuí ar Strae' agus gníomhaí pobail ón gceantar seo) leabhar úr na bpáistí 'Scaip an Scéal i nGaeltacht Iorrais' ag ócáid speisialta a d'éagraigh Gaeilge Iorrais in Áras Inis Gluaire Déardaoin 20 Meitheamh. Bronnadh cóip den leabhar ar chuile scoláire as na 7 mbunscoil Ghaeltachta in Iorras a ghlac páirt sa togra seo. Ócáid cheiliúrtha a bhí ann freisin agus deis ag na scoláirí agus a gcuid múinteoirí sóláistí a ghlacadh i gcomhlúadar a chéile ansin.

Tá súil againn go mbainfidh idir óg agus aosta sult as na scéalta nuachumtha seo a léamh agus go spreagfaidh an taithí dhearfach seo na daltaí le coinneáil leis an scéalaíocht, leis an gcumadóireacht, leis an léitheoireacht, lena bhfiosracht faoin gceantar Gaeltachta seo agus leis an gcomhoibriú le chéile trí mheán na Gaeilge.

Is féidir breathnú ar leagan leictreonach den leabhar álainn nua 'Scaip an Scéal i nGaeltacht Iorrais' ag <https://www.yumpu.com/xx/document/read/68734795/scaip-an-sceal-i-ngaeltacht-iorrais-dreacht-6>

- Gaeilge Iorrais · f/ch Comharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo @GaeilgeIorrais  
Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

## English summary

### Two new stories from Erris Gaeltacht school students in print

Gaeilge Iorrais would like to congratulate each of the 83 students from all 7 Gaeltacht scheme primary schools in Erris that took part in the collaborative creative writing project entitled 'Scaip an Scéal' recently. 'Scaip an Scéal' is a storytelling initiative i nGaeilge for primary schools from *Fighting Words*. The students create a story from scratch, drawing on their own imagination, local heritage and environment. Children from one school create the first chapter of a new story. This story is then passed on from school to school, with new students adding another chapter to the story each time.

Pupils from the following Gaeltacht schools - Dumha Thuama, Scoil Bhreandáin, Eachléim, Corrchloch, Poll an tSómais, Gleann na Muaidhe, Ros Dumhach and Ceathrú Thaidhg - composed two new stories ('Turas thar Iorras' and 'Barry an tÉan is Fearr ar Domhan') as part of this initiative, which was co-ordinated by Gaeilge Iorrais. Maith iad go léir!

Katherine Mangan (co-author of 'An Bumbóg Mhór Bhuí ar Strae') launched the children's new book 'Scaip an Scéal i nGaeltacht Iorrais' at a special event organized by Gaeilge Iorrais in Áras Inis Gluaire on Thursday 20 June. Bríd-Treasa Wyndham (Fighting Words na Gaeltachta) and Laoise Ní Dhúda (Gaeilge Iorrais) also briefly spoke to congratulate, praise and encourage these talented young writers and their teachers. A copy of the book was presented to each student from Gaeltacht primary schools in Erris who participated in this project. All thoroughly enjoyed this celebratory event for students and their teachers, which also marked the end of another busy school year in Erris Gaeltacht scheme schools.

Gaeilge Iorrais would like to thank all that helped to successfully bring this project to completion, including Bríd-Treasa Wyndham (Fighting Words), Shaun Mc Fadden agus Aisling Ní Éilí (artists that provided fabulous illustrations for the newly composed stories), principals, teachers and cúntóirí teanga from all Gaeltacht schools in Erris, Éimear Ní Ghallachóir (Gaeilge Iorrais) that prepared the electronic version of the stories which can be viewed online.

We hope that both young and old will enjoy reading these newly created stories i nGaeilge which are full of adventure, humour and fun. We also hope that this positive experience will encourage these talented students to continue with scéalaíocht, creative writing and further collaborative endeavours i nGaeilge.

An electronic version of the beautiful new book 'Scaip an Scéal i nGaeltacht Iorrais' can be viewed at <https://www.yumpu.com/xx/document/read/68734795/scaip-an-sceal-i-ngaeltacht-iorrais-dreacht-6>